An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Loga Foghlama

# Matamaitic

## FGL Chnuasaigh

## 2019-20

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

# Clár Ábhar

Intinní Foghlama ..... 2
Aonad Foghlama Samplach ..... 3
Tasc- Cró a Imfhálú ..... 4
Aiseolas Foirmitheach ar Obair Scoláirí a Chur ar Fáil ..... 5
Critéir Ratha a Chruthú ..... 6
Príomhfhoghlaim (Seisiún na Maidine) ..... 7
Measúnú Rangbhunaithe (Imscrúdú Matamaiticiúil) ..... 7
Na Gnéithe Cáilíochta á gcur i bhfeidhm ar obair scoláirí ..... 8
MRB – Míniúchán ar an tuairiscín ..... 9
Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ..... 10
Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ..... 11
Samplaí Oibre don Chruinniú AFMÁ a Roinnt ..... 12
Díospóireacht Ghairmiúil – Sampla 1 ..... 13
Díospóireacht Ghairmiúil – Sampla 2 ..... 14
Príomhfhoghlaim (Lár na Maidine) ..... 14
Suíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie) ..... 15
Am Freagartha ..... 17
Ag Plé le Timthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh ..... 17
Timthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh ..... 18
Measúnú Rangbhunaithe 2 ..... 19
Measúnú Seachtrach ..... 20
Ceisteanna Coitianta ..... 21
AFMÁ – Tuilleadh Eolais ..... 21
Acmhainn Idirghníomhach Treoirlínte Measúnaithe ..... 21
Pleanáil Roinne ..... 21
Príomhfhoghlaim (Iarnóin) ..... 22
Notaí ..... 22
Plean Gnímh ..... 23

# Intinní Foghlama

**An ról a fhiosrú atá ag an gComhphleanáil agus ag an Measúnú Foirmitheach ar thaithí agus ar fhoghlaim scoláirí sa Mhatamaitic**

**An ról a fhiosrú atá ag díospóireachtaí gairmiúla agus ag comhoibriú roinne chun teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht obair na scoláirí**

**Úsáid sonraí údaracha agus Thimthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh a mheas chun foghlaim staitistice scoláirí a spreagadh**

# Aonad Foghlama Samplach

**Coincheap:** Gaolmhaireachtaí agus Athróga

**Comhthéacs an Scoláire:** Scoláirí an Dara Bliain

**Torthaí Foghlama :** AF1 (a) (b) (c), AF4 (a) (b), AF6, AF7 (c) (d), CT1, CT2 (a) (c) (e), U3 (b)

**Príomhfhoghlaim:**

- Ba chóir go dtuigfeadh scoláirí go bhfuil a lán léirithe matamaiticiúla ann atá úsáideach chun fadhbanna a réiteach, lena n-áirítear:
  - a thuiscint go gcaomhnaíonn léirithe difriúla an chiall chéanna
  - a thuiscint go bhféadfadh léirithe difriúla gnéithe áirithe faidhbe a nochtadh nach nochtfadh cinn eile
  - a thuiscint gur féidir léirithe difriúla a úsáid i gcomhar lena chéile

- Ba chóir do scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar athróga, lena n-áirítear:
  - a thuiscint gur cainníocht í an athróg ar féidir léi athrú i gcomhthéacs fhadhb mhatamaiticiúil

- Ba chóir do scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar ghaolmhaireachtaí mar fheidhmeanna, lena n-áirítear:
  - a thuiscint go mbíonn an athróg spleách á rialú ag athróg(a) neamhspleách(a)
  - a thuiscint gur samplaí d'fheidhm iad ordphéirí
  - a bheith ábalta an t-athrú idir athróga a chainníochtú
  - a bheith ábalta an cineál athraithe a tharlaíonn idir athróga a shainaithint agus a rangú

**Measúnú Leanúnach**

- An féidir leis an scoláire an léiriú / na léirithe is oiriúnaí d'fhadhb a úsáid chun a réiteach / réitigh a anailísiú, a léirmhíniú agus a léiriú?
- An féidir le scoláirí trasdul idir athróg agus anaithnid shocraithe i gcomhthéacs?

**Eispéireas Foghlama**

- Tasc Imfhálú Cró (Leathanach 4 den leabhrán)
- 'Meaitseáil na Scéalta'
  (www.tionscadalmata.ie – Cúrsa Modúlach 3 (Ailgéabar & Uimhir, Modúl 1)
- Cur síos ar ghaolmhaireachtaí (Leathanach 6 den leabhrán seo)

**Notaí/Machnamh**

# Tasc- Cró a Imfhálú

Tá 20 meadar d'fhál / ábhar sconsa ag Emily. Caithfidh sí cró a dhéanamh sa ghairdín dá madadh. Cad é an t-achar is mó ar féidir léi a imfhálú más gá an fálú ar fad a úsáid?
Tabhair údar le do fhreagra.

# Aiseolas Foirmitheach ar Obair Scoláirí a Chur ar Fáil

**Ná déan dearmad breathnú ar na hintinní foghlama agus ar na critéir ratha a forbraíodh agus a úsáideadh leis an tasc.**

| | Sampla Scoláire A | Sampla Scoláire B |
|---|---|---|
| **Cad iad láidreachtaí na míre oibre seo?** | | |
| **Cad iad na réimsí le forbairt sa mhír oibre seo?** | | |
| **Cad é an t-aiseolas a thabharfá do scoláire chun a chuid foghlama a bhogadh chun tosaigh?** | | |


# Critéir Ratha a Chruthú


**Tá an tasc thíos nasctha leis an Aonad Foghlama Samplach ar leathanach 3. Déan do mhachnamh ar an intinn foghlama agus ar na critéir ratha a chruthófá don tasc chun foghlaim an scoláire a fhorbairt.**


**Intinn Foghlama:**

**Critéir Ratha:**

Léiríonn na graif thíos gaolmhaireachtaí idir athróga a bhaineann leis an gciorcal. Déan cur síos ar na gaolmhaireachtaí sin atá á léiriú sna graif agus tabhair údar le do réasúnaíocht.




Arna chur in oiriúint ó https://openupresources.org

Conas a dhéanfá an cheist seo a oiriúnú nó a mhodhnú do do chuid scoláirí?

# Príomhfhoghlaim (Seisiún na Maidine)





# Measúnú Rangbhunaithe (Imscrúdú Matamaiticiúil)

Léirítear thíos an t-ionú/eatramh ama, don bhliain acadúil 2019 / 2020, leis an gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe (Imscrúdú Matamaitice) sa Mhatamaitic a chur i gcrích. Tá saoirse ag scoileanna tréimhse trí seachtaine a roghnú ina mbeidh MRB 1 ag titim amach.

**Ionú do Mheasúnú Rangbhunaithe a hAon**

6ú Eanáir 2020 — Tréimhse Trí Seachtaine — 15ú Bealtaine 2020

---

## Roinn Ábhair

### Roimh an MRB

- Teorainn trí seachtaine a chomhaontú le bainistíocht na scoile
- Dáta an chruinnithe AFMÁ a chomhaontú
- An t-éascaitheoir AFMÁ a chomhaontú

### Le linn an MRB

- A bheith rannpháirteach i bplé gairmiúil agus machnamh
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do chomhghleacaithe

### I ndiaidh an MRB

- An cruinniú AFMÁ a reáchtáil (caithfidh sé tarlú laistigh de mhí ón MRB)
- Machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim ábhair

## Múinteoir

### Roimh an MRB

- Scileanna réitigh fadhbanna scoláirí a fhorbairt trí rannpháirtíocht le:
  - Torthaí foghlama
  - Measúnú Foirmitheach
  - Eispéiris foghlama shaibhre thascbhunaithe

### Le linn an MRB

- Comhairle a chur ar scoláirí maidir leis an timthriall réiteach fadhbanna
- Aiseolas leanúnach foirmitheach a thabhairt don scoláire
- Samplaí féideartha don chruinniú AFMÁ a shainaithint

### I ndiaidh an MRB

- Tuairiscíní sealadacha a chur ar obair scoláirí
- A bheith rannpháirteach i gcruinniú AFMÁ
- Breithiúnas a athmheas
- An tuairiscín deireanach a thuairisciú

# Na Gnéithe Cáilíochta á gcur i bhfeidhm ar obair scoláirí

**<u>Na Gnéithe Cáilíochta a Chur i bhFeidhm</u>**

- Sampla oibre an scoláire a athbhreithniú.
- Sampla oibre an scoláire a mheas ag úsáid na nGnéithe Cáilíochta, ag tosú leis an tuairiscín 'Ionchais le baint amach fós'.
- An bhfuil fianaise ann 'ar an iomlán' a thacaíonn le bronnadh an tuairiscín sin?
    - Má tá, bog ar aghaidh chuig an gcéad tuairiscín eile agus déan comparáid leis na Gnéithe Cáilíochta arís.
    - Mura bhfuil, bronn an tuairiscín roimhe sin.
- 'Is fearr a Oireann'- Bog trí gach tuairiscín go bhfaighidh tú tuairiscín is fearr a oireann d'obair an scoláire.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Imscrúdaithe Mhatamaiticiúil. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre Thuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire.

| <u>Na Gnéithe Cáilíochta don Imscrúdú Matamaiticiúil</u> | Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad |
|---|---|---|---|---|
| **An Ráiteas Faidhbe a shainiú** | Úsáidtear ráiteas faidhbe a tugadh don scoláire agus le treoir, bristear síos an fhadhb ina céimeanna | Le treoir theoranta, ceaptar ráiteas faidhbe, bristear síos an fhadhb ina céimeanna indéanta agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna, más cuí | Cuirtear ráiteas faidhbe agus soiléirítear/simplítear an fhadhb le foshuíomhanna, nuair is cuí | Cuirtear ráiteas faidhbe beacht agus soiléirítear agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna is féidir a chosaint, nuair is cuí |
| **Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic** | Úsáidtear straitéis a cuireadh ar fáil | Roghnaítear straitéis oiriúnach chun tabhairt faoin bhfadhb | Cosnaítear straitéis oiriúnach a úsáid chun tabhairt faoin bhfadhb agus sainaithnítear aon athróga ábhartha | Forbraítear straitéis chosanta éifeachtach agus meastar dul chun cinn i dtreo réitigh, tugtar buille faoi thuairim faoin ngaol idir athróga nuair is cuí |
| **Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach** | Taifeadtar breathnuithe/sonraí agus leantar roinnt gnásanna bunúsacha matamaiticiúla | ... gnásanna oiriúnacha matamaiticiúla le hearráidí beaga; úsáidtear graif agus/nó léaráidí/focail chun léargas a thabhairt ar an bhfadhb agus/nó ar an réiteach | ...ga chruinn mhatamaiticiú... nodaireacht chruinn shiombalach agus léirithe fisiúla cruinne; déantar iarracht patrúin a ghinearálú sa réiteach/bhreathnú | Leantar gnásanna matamaiticiúla le hardleibhéal beachtais, agus faightear freagra is féidir a chosaint; ginearálaítear réiteach/breathnuithe agus cuirtear i bhfeidhm ar chásanna eile iad nuair is cuí |
| **Léirmhíniú agus tuairisciú** | Déantar tráchtaireacht ar aon réiteach | Déantar measúnú ar réasúnacht an réitigh agus déantar nasc nithiúil leis an gceist bhunaidh; úsáidtear gnáth-theanga chun smaointe a chur in iúl | Seiceáiltear réasúntacht an réitigh agus filltear ar fhoshuíomhanna/straitéis chun an próiseas a athdhéanamh, más gá; úsáidtear teanga fhoirmeálta mhatamaiticiúil chun smaointe a chur in iúl agus sainaithnítear ar éirigh go maith leo agus a bhféadfaí a fheabhsú | Úsáidtear argóintí déaduchtacha agus teanga bheacht mhatamaiticiúil agus nodaireacht bheacht shiombalach chun smaointeoireacht mhatamaiticiúil a chomhdhlúthú agus chun réiteach a chosaint; sainaithnítear láidreachtaí agus/nó laigí sa léiriú matamaiticiúil/straitéis réitigh |

'Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.'

(Treorlínte Measúnacht lch 7)

# MRB – Míniúchán ar an tuairiscín

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo (lgh 21 agus 33), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairiscíní seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

- Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

- Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

- Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

- Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas áird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Treorlínte Measúnacht lch 6 agus 7

# Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Ag an gcruinniú AFMÁ, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna nuair a bhíonn breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí'. Is ón bplé a thiocfar ar chomhaontú maidir le caighdeáin (Creat don tSraith Sóisearach (2015), leathanaigh 8 agus 9).

## Múinteoir

### Roimhe

- Breathnú ar na Gnéithe Cáilíochta
- Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta agus tuairiscín sealadach a bhronnadh
- Samplaí oibre an scoláire ó gach tuairiscín, más féidir, a roghnú le plé a dhéanamh orthu ag an gcruinniú AFMÁ

### Lena linn

- Cuireann múinteoir píosa oibre i láthair
- Déanann an grúpa an obair a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta
- Is é an t-éascaitheoir a threoraíonn an plé
- Bíonn an fócas ar an gcur chuige 'is fearr a oireann' 'ar an iomlán'
- Leantar leis an bpróiseas, ar a sheal, i gcomhair sampla ag gach ceann de na leibhéil tuairiscíní eile

### Ina dhiaidh

- Tuairiscín sealadach a mhionchoigeartú más cuí
- Tuairiscín deiridh a thuairisciú de réir prótacal na scoile
- Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcruinniú AFMÁ

## Éascaitheoir

### Roimhe

- Samplaí oibre a bhailiú ó mhúinteoirí do thuairiscín gach gráid, más indéanta
- Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ
- Ionad, am agus acmhainní a eagrú don chruinniú AFMÁ

### Lena linn

- Tús a chur leis an gcruinniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar phrótacail don chruinniú
- An cruinniú a éascú, a threorú agus an plé a thabhairt chun cinn
- Monatóireacht a dhéanamh ar an ord reatha
- Ceistiúchán éifeachtach a léiriú ag fócasú ar a fheabhas a oireann obair na scoláirí do na Gnéithe Cáilíochtaí

### Ina dhiaidh

- Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh isteach
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas AFMÁ

Tá breis eolais ar an bpróiseas AFMÁ mar aon le doiciméid ábhartha le fáil ag: https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/assessment_ga

# Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuideoidh sé le múinteoirí a ghlac páirt i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bheith leanúnach ina gcuid breithiúnas ar obair scoláirí de réir Gnéithe Cáilíochta comónta a shocraítear go seachtrach. Cuirfidh sé ar chumas múinteoirí comhthuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais thar am de réir mar a thagann siad le chéile le plé gairmiúil a dhéanamh agus machnamh ar cháilíocht oibre a gcuid scoláirí féin.

**Roimh an gCruinniú AFMÁ**

- B'fhiú do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de shamplaí anótáilte ábhartha an CNCM, an tsonraíocht agus na treoirlínte measúnaithe roimh chinneadh a dhéanamh faoi shaothar a gcuid scoláirí féin.
- Obair an scoláire a mheas bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta agus tuairiscín sealadach a bhronnadh ar gach píosa oibre.
- Sampla amháin d'obair scoláire a aimsiú do gach tuairiscín, más féidir, agus a chur ar fáil lena phlé ag an gcruinniú.

**Le linn an Chruinnithe AFMÁ**

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe cabhrú le comhsheasmhacht sna breithiúnais faoi obair scoláirí agus teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne sampla oibre a mheas siad "Nár chomhlíon na hIonchais Fós" a chur i láthair.
- Treoraíonn an t-éascaitheoir plé ginearálta ansin ar an méid a bhíonn obair an scoláire ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha.
- Ba chóir don éascaitheoir féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann le linn an phlé ar shamplaí d'obair scoláirí ach ba chóir go leagfaí an bhéim ar eolas gairmiúil agus ar scileanna múinteoirí a fhorbairt seachas a bheith ag iarraidh aontú d'aon ghuth a lorg do gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
- Ba chóir go leagfaí an bhéim sna cruinnithe athbhreithnithe ar chur chuige 'is fearr a oireann' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín 'ar an iomlán' is oiriúnaí don obair atá á meas.
- Sa chás go mbíonn easaontú ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt do shamplaí anótáilte de shaothar scoláirí a sholáthair an CNCM agus, más cuí, samplaí de shaothar scoláirí a rinne múinteoirí eile sa ghrúpa a mheas agus ar bhronn siad an tuairiscín sin orthu.
- Cé gur chóir am réasúnta a thabhairt le haghaidh an phlé, ba chóir don éascaitheoir a b(h)reithiúnas gairmiúil féin a úsáid le cinneadh cén uair a bheadh sé ceart bogadh ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir plé a bheith ann ar dhá shampla ar a laghad de gach tuairiscín agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go mbíonn ar a laghad ceann amháin dá gcuid samplaí á phlé ag gach múinteoir le linn an chruinnithe.
- Leantar den phróiseas arís le haghaidh píosa oibre ag gach leibhéal de na tuairiscíní.
    - Is den tábhacht é go nótálfadh gach múinteoir impleachtaí na gcinntí a dhéantar le linn an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair na scoláirí a ndearna siad measúnú uirthi cheana, go háirithe i gcás na dtuairiscíní nuair nach raibh a mbreithiúnas ag teacht le dearcadh bhunús na múinteoirí ag an gcruinniú.

**Tar éis an Phróisis AFMÁ**

- Sna cásanna nach raibh breithiúnas an mhúinteora ag teacht le dearcadh mhórchuid na múinteoirí ag cruinniú AFMÁ, ba chóir breathnú ar na tuairiscíní sealadacha, agus mionchoigeartuithe cuí a dhéanamh.
- Cuireann an t-éascaitheoir Tuairisc an Éascaitheora i gcrích lena chomhadú mar is cuí.

# Samplaí Oibre don Chruinniú AFMÁ a Roinnt

Tugann múinteoirí Mata scoláirí dara bliain ceithre shampla d'obair a gcuid scoláirí chuig an gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). **Sa chás gur féidir**, ba chóir go mbeadh sampla de gach ceann de na ceithre thuairiscíní leibhéil i measc na samplaí sin. Bainfear úsáid as an eolas seo le hord reatha a shocrú dár gcruinniú AFMÁ, Ó tharla go mb'fhéidir nach mbeidh an t-am againn le gach sampla a phlé, cuir uimhreacha 1- 4 le do thoil ar na píosaí, agus uimhir 1 ar an sampla is mó ab fhearr leat a phlé.

| **Dáta an Chruinnithe AFMÁ:** | |
|---|---|
| **Seol an fhoirm seo chuig d'éascaitheoir AFMÁ________________________faoi _________________** | |
| **Ainm an Mhúinteora:** | |
| **Sampla 1** | **Formáid:** **Sampla Roinnte trí:**<br>**Topaic/Teideal:**<br>**Tuairiscín Sealadach:**<br>**An rogha is fearr le húsáid ag an AFMÁ:** ☐ |
| **Sampla 2** | **Formáid:** **Sampla Roinnte trí:**<br>**Topaic/Teideal:**<br>**Tuairiscín Sealadach:**<br>**An rogha is fearr le húsáid ag an AFMÁ:** ☐ |
| **Sampla 3** | **Formáid :** **Sampla Roinnte trí :**<br>**Topaic/Teideal:**<br>**Tuairiscín Sealadach:**<br>**An rogha is fearr le húsáid ag an AFMÁ:** ☐ |
| **Sampla 4** | **Formáid :** **Sampla Roinnte trí :**<br>**Topaic/Teideal:**<br>**Tuairiscín Sealadach:**<br>**An rogha is fearr le húsáid ag an AFMÁ:** ☐ |

# Díospóireacht Ghairmiúil – Sampla 1

Breathnaigh ar obair an scoláire trí shúile na nGnéithe Cáilíochta.

Ag úsáid an ghreille thíos, breac síos do chuid smaointe i ngach ceann de na ceithre réimse gníomhaíochta don Iniúchadh Matamaiciúil:

- Cad iad na láidreachtaí atá ag an bpíosa oibre seo?
- Cad iad na réimsí atá le forbairt / feabhsú san obair seo?
- Cén t-aiseolas gur mhaith leat a thabhairt don scoláire seo?

| | |
|---|---|
| **An Ráiteas Faidhbe a shainiú** | |
| **Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic** | |
| **Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach** | |
| **Léirmhíniú agus tuairisciú** | |

# Díospóireacht Ghairmiúil – Sampla 2

Breathnaigh ar obair an scoláire trí shúile na nGnéithe Cáilíochta.
Ag úsáid an ghreille thíos, breac síos do chuid smaointe i ngach ceann de na ceithre réimse gníomhaíochta don Iniúchadh Matamaiciúil:

- Cad iad na láidreachtaí atá ag an bpíosa oibre seo?
- Cad iad na réimsí atá le forbairt / feabhsú san obair seo?
- Cén t-aiseolas gur mhaith leat a thabhairt don scoláire seo?

| | |
|---|---|
| **An Ráiteas Faidhbe a shainiú** | |
| **Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic** | |
| **Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach** | |
| **Léirmhíniú agus tuairisciú** | |

# Príomhfhoghlaim (Lár na Maidine)





# Suíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie)

## Ainmneacha is Coitianta de réir Bliain Breithe

Ar an leathanach baile roghnaigh **Uirlisí Léirshamhlúcháin**




Roghnaigh an teideal **Ainmneacha Leanaí na hÉireann** agus lean na treoracha





## Mapa Daonra Limistéar Beag a Úsáid (SAPMAP)


1) Ar an leathanach baile roghnaigh **Uirlisí Léirshamhlúcháin**





2) **Roghnaigh SAPMAP**





3) **Díroghnaigh an rogha do chontaethe**





4) Roghnaigh **Limistéir bheaga agus Zúmáil** chun do cheantar a aimsiú




5) Roghnaigh do limistéar féin ar an léarscáil agus roghnaigh **tuilleadh eolais**





6) Roghnaigh ceann de na roghanna téamacha amhail **Rochtain ar Ghluaisteán, Úinéireacht Ríomhaire Pearsanta agus Rochtain Idirlín**




7) Roghnaigh ceann amháin de na naisc chun briseadh síos a fháil de do cheantar féin








PDF Excel Print

**Number of households with internet access**

| Internet Access | Households |
|---|---|
| Broadband | 82 |
| Other | 9 |
| No | 11 |
| Not stated | 7 |
| Total | 109 |

8) Roghnaigh **Déan comparáid le sonraí iomlána stáit** chun comparáid a dhéanamh le figiúirí náisiúnta




PDF Excel Print

**Number of households with internet access**


| Internet Access | Households |
|---|---|
| Broadband | 1,200,067 |
| Other | 131,676 |
| No | 312,982 |
| Not stated | 52,940 |
| Total | 1,697,665 |

## Grafaic Faisnéise

Ar an leathanach baile, roghnaigh **Grafaic Faisnéise**




Roghnaigh téama



# Am Freagartha

Agus na roghanna thíos in úsáid, rátáil conas a bhraitheann tú do chomhordú lámh is súl.

☐ Lag ☐ Measartha ☐ Láidir

Bain úsáid as na spásanna thíos chun do chúig amanna freagartha a chlárú (I mileasoicindí) ó Amadóir Freagartha Mata NRICH (www.nrich.maths.org/reactiontimer).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

# Ag Plé le Timthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh

**Ceist Staitistiúil Tosaigh:**

| Staid | I measc na ngnéithe ar féidir smaoineamh orthu, áirítear | Tuairimí/smaointe |
|---|---|---|
| DEARADH AN IMSCRÚDÚ | • An cheist a fhoirmliú<br>• Bailiú sonraí | |
| ATHRÓGA A SHAINAITHINT AGUS MODHANNA IONTAOFA A ROGHNÚ CHUN SONRAÍ A BHAILIÚ | • Athróga<br>• Na Sonraí a Bhailiú<br>• Iontaofacht<br>• Sampla | |
| SONRAÍ A EAGRÚ AGUS A BHAINISTIÚ | • Na sonraí a chur i láthair<br>• Achoimre a dhéanamh ar na sonraí | |
| SONRAÍ A ANAILÍSIÚ AGUS A LÉIRMHÍNIÚ | • Ceist Staitisticiúil<br>• Infeireas neamhfhoirmiúil<br>• Sampláil<br>• Feabhsúcháin ar an imscrúdú | |

**Ceist Staitistiúil Leasaithe:**

# Timthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## ATHRÓGA A SHAINAITHINT AGUS MODHANNA IONTAOFA A ROGHNÚ CHUN SONRAÍ A BHAILIÚ

- Cad iad na hathróga atá á dtomhas?
- Conas a thomaistear na hathróga?
- An léiriú ionadaíoch den daonra é an sampla?



## DEARADH AN IMSCRÚDÚ



- An bhfuil an cheist staitistiúil a chuirtear cruinn beacht?
- Cad iad na hathróga is gá a thomhas chun an cheist a fhreagairt?
- An féidir na sonraí cuí a bhailiú chun an cheist a fhreagairt?
- An féidir na sonraí cuí a íoslódáil nó a bhailiú laistigh den spriocam?
- An mbeidh turgnamh, suirbhé nó staidéar breathnóireachta idir lámha?




## SONRAÍ A EAGRÚ AGUS A BHAINISTIÚ

- An bhfuil na sonraí léirithe i bhfoirm tábla, léaráide, chairte agus / nó ghraif?
- An bhfuil achoimre ar na sonraí de réir uimhreacha, graif, léaráide agus / nó i bhfocail?
- An bhfuil an cur i láthair/ modh achoimre ar an gceann is oiriúnaí?





## SONRAÍ A ANAILÍSIÚ AGUS A LÉIRMHÍNIÚ

- An bhfuil gaol idir na sonraí, léaráidí agus / nó achoimre agus an cheist staitisticiúil?
- Conas is féidir feabhas a chur ar an imscrúdú?




# Measúnú Rangbhunaithe 2

| Measúnuithe Rangbhunaithe | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | Curtha i gcrích |
|---|---|---|---|
| **Imscrúdú staitistiúil** | Is féidir tuairisc a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Leanfaidh an scoláire, thar thréimhse thrí seachtaine, an timthriall um Fhiosrú staitistiúil. **Timthriall um fhiosrú staitistiúil:** ceist a chumadh; sonraí neamhlaofa ionadaíocha a phleanáil agus a bhailiú; na sonraí a eagrú agus a bhainistiú; na sonraí a iniúchadh agus a anailísiú trí úsáid a bhaint as léirithe cuí agus achoimrí uimhriúla; agus freagra a thabhairt ar an gceist bhunaidh agus cúiseanna atá bunaithe ar rannán na hanailíse á dtabhairt. | Bliain a Trí |

<u>Treorlínte Measúnacht</u> lch 10

## An Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil



# Measúnú Seachtrach

**An Tasc Measúnaithe**

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn am ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit sa Mhatamaitic. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Is é sin an tImscrúdú Staitistiúil i gcás na matamaitice. Tá mionsonraithe an Taisc Mheasúnaithe leagtha amach sa tábla thíos:

| Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | Curtha i gcrích |
|---|---|---|
| Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. | Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe leis an Imscrúdú Staitistiúil. | Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích i mBliain a Trí. |

Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach. Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, an tImscrúdú Staitistiúil, is é sin ceist a chur, sonraí a bhailiú agus a anailísiú agus na sonraí sin a léirmhíniú i gcomhthéacs na ceiste bunaidh. Tagann an t-eolas agus na scileanna a fhorbraíonn an scoláire le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe chun cinn as an bhfeasacht níos fearr a bhíonn aige ar an bhfiosrúchán staitistiúil.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe **roinnt** de na nithe seo a leanas nó **gach ceann díobh:**

- Dul i ngleic le spreagthach gairid, le formáid scríofa, fuaime, closamhairc nó ilmhódach, mar ullmhú don tasc scríofa
- Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire maidir leo seo a leanas a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé

Treorlínte Measúnacht lch 32

**An Scrúdú Deiridh**

Beidh an measúnú deiridh ar fáil ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal araon agus bronnfar 90% de na marcanna air a úsáidfear chun an grád a shocrú.  Ag an dá leibhéal, beidh scrúdpháipéar amháin ann.  Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocróidh agus a mharcálfaidh an scrúdú. Mairfidh an scrúdú dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl i mí Meithimh na tríú bliana.

**Gradú ar an Scrúdú Deiridh**

| Grád | Raon (%) |
|---|---|
| **Gradam** | ≥90 to 100 |
| **Ardtuillteanas** | ≥75 and <90 |
| **Tuillteanas** | ≥55 and <75 |
| **Gnóthaithe** | ≥40 and <55 |
| **Páirtghnóthaithe** | ≥20 and <40 |
| **(Gan Ghrádú)** | ≥0 and <20 |

# Ceisteanna Coitianta

Tá doiciméad le Ceisteanna Coitianta ar an gcaoi chun Measúnuithe Rangbhunaithe agus cruinnithe AFMÁ a reáchtáil atá ar fáil ag:
https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/departmental_planning_ga
Nó úsáid an cód MF (mearfhreagartha) thall chun tú a threorú a fhad leis an doiciméad:

# AFMÁ – Tuilleadh Eolais

Tá teacht ar thuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas AFMÁ agus doiciméid ábhartha eile ag: https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/assessment_ga
Nó úsáid an cód MF (mearfhreagartha) thall chun tú a threorú a fhad leis an doiciméad:

# Acmhainn Idirghníomhach Treoirlínte Measúnaithe

Is féidir le duine aonair nó le roinn ábhair an acmhainn seo a úsáid agus tá teacht uirthi **ag** https://www.jct.ie/maths/assessment
Nó úsáid an cód MF (mearfhreagartha) thall chun tú a threorú a fhad leis an doiciméad:

# Pleanáil Roinne

Tá teacht ar réimse acmhainní atá gaolmhar le pleanáil ag
https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/departmental_planning_ga
Nó úsáid an cód MF (mearfhreagartha) thall chun tú a threorú a fhad leis an doiciméad:

# Príomhfhoghlaim (Iarnóin)



# Notaí

# Plean Gnímh

| Plean Gnímh | Cuspóir | Beart | Cé/Cén uair | Critéir Mheasúnaithe |
|---|---|---|---|---|
| Cleachtas Aonair Múinteoirí | | | | |
| Cleachtas Comhoibríoch Roinne | | | | |

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers


**Sonraí Teagmhála**

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.
www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,

Sráid an tSéipéil

Dún Dealgan


Cá háit is féidir tuilleadh eolais a fháil?

Lean sinn ar @JctMaths

@JCforTeachers

R-phost: info@jct.ie

Uimhir fóin: 047 74008

---

Tá tuilleadh eolais agus acmhainní ar fáil ar an suíomh idirlín againn: www.jct.ie/leagangaeilge/maths/

Chun clárú leis an liosta seachadta againn, lean an cód MF